Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**8511/21**

**CDR 47**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, de Choiste na Réigiún<br>- Glacadh |

1. I litir uaidh an 15 Feabhra 2021, thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh Florian HERRMANN, comhalta de Choiste na Réigiún, ag éirí as oifig[1].

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag an mBallstát faoi seach.

[1] 6542/21.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur ina ionad, mhol Rialtas na Gearmáine[2] Melanie HUML, ar ionadaí í de chomhlacht feidhmiúcháin réigiúnach a bhfuil sainordú toghchánach aici (*Staatsministerin, Bayerische Staatsregierung*), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an Cinneadh a leagtar amach in 8297/21 a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

[2] 8161/21.